

Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tuarascáil faoi Alt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta, 2014 don tréimhse ón 1 Eanáir 2018 go dtí an 31 Nollaig 2018

Cúlra

Déantar foráil san Acht um Nochtadh Cosanta, 2014 chun fostaithe a chosaint in aghaidh dífhostú nó dochar eile a tharlódh de bharr gur tharraing siad ábhar b'údar imní dóibh anuas le hintinn mhaith maidir le héagóir fhéideartha a thug siad faoi deara san áit oibre. Leagtar síos san Acht roinnt bealaí ar féidir nochtuithe a dhéanamh – mar shampla, le fostóir an duine agus, i gcásanna áirithe, le duine 'forordaithe' seachtrach.

Is duine forordaithe é an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste de réir na reachtaíochta a bhaineann le nochtadh cosanta (Ionstraim Reachtuil 339 de 2014). Fágann sé sin go bhféadfar nochtuithe a dhéanamh leis an Oifig faoi aon ábhar a bhaineann le húsáid mhíchuí cistí agus acmhainní poiblí nó le luach ar airgead i leith eintiteas atá laistigh de théarmaí tagartha an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste. Tá an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste ainmnithe san Acht (Alt 17) freisin mar an duine seachtrach ar cóir nochtuithe cosanta ina bhfuil faisnéis faoi cháiniocóirí a dhéanamh leis.

Ní ceadmhach don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste aon nochtuithe den sórt sin a iniúchadh ná tuairisc a thabhairt orthu ach amháin ar bhealach atá ag teacht le ról, cearta reachtúla agus dualgais na hOifige agus atá iomchuí dóibh.

Tá cáipéis dar teideal *Policy and Procedures for Disclosures to the Office of the Comptroller and Auditor General* le fáil [anseo](#).

Tuarascáil bhliantúil 2018

Éilítear ar gach uile chomhlacht poiblí (le hAlt 22 den Acht) tuarascáil bhliantúil a fhoilsiú ina leagtar amach líon na nochtuithe cosanta a fuarthas sa bhliain roimhe agus an beart a rinneadh ina leith (más ann). Caithfidh sé nach bhféadfar na daoine a rinne nochtuithe a aithint mar thoradh ar an tuarascáil sin.

Baineann an tuarascáil seo de bhun Alt 22 den Acht leis an tréimhse ón 1 Eanáir 2018 go dtí an 31 Nollaig 2018.

In 2018 fuair an Oifig 11 tuairisc ar chásanna líomhnaithe éagóra a luadh a bhfuair na tuairisceoirí amach fúthu i gcúrsa a bhfostaíochta, agus a bhain le comhlachtaí atá laistigh de théarmaí tagartha Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (2017: 13 chás). Tugadh 5 cinn de na tuairiscí sin gan ainm a lua. I ngach cás, cuireadh na cásanna arna dtuairisciú ar aghaidh chuig an bhfoireann iniúchta chuí ionas go bhféadfaidís iad a chur san áireamh, de réir mar is iomchuí, agus obair iniúchta á pleanáil amach anseo.

Ina theannta sin, in 2018 rinne iar-bhall foirne de chuid na hOifige roinnt nochtuithe maidir le hoibríochtaí na hOifige. Bhreathnaigh lucht ardbhainistíochta na hOifige nó imscrúdaitheoir neamhspleách seachtrach cuícháilithe go mion ar gach ábhar a d'ardaigh an t-iar-bhall foirne, nó cuireadh ar aghaidh chuig an údarás seachtrach cuí iad, de réir an nós imeachta a leagtar amach in *Policy and Procedures for Disclosures to the Office of the Comptroller and Auditor General*.

An 12 Márta 2019